
# Plean Trí Bliana

# Gaeltacht na nDéise

## 2010 – 2013



## Comhlucht Forbartha na nDéise Teoranta

# Admhálacha

Ba mhaith le Chomhlucht Forbartha na nDéise Teoranta buíochas a ghabhail le pobal na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Phort Láirge, Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta as ucht an chabhair a thugann siad dúinn i gcónaí i dtreo pleanáil agus forbairt teanga agus phobal i nGaeltacht na nDéise.

# Réamhrá

Sa phlean teanga agus forbarha trí bliana seo, leagann Comhlacht Forbartha na nDéise amach na haidhmeanna atá acu leis an Ghaelainn a chur chun cinn i gceantar Ghaeltacht na nDéise chun cinntiú gur Ghaeltacht a bheas ann amach anseo. Tá meon dearfach mhuintir na Rinne agus an tSean Phobail tar éis cur go mór le dul chun cinn na Gaelainne go dtí seo. Cé go bhfuil neart eile le déanamh, is trí a bheith ag obair as láimh a chéile gur féidir linn forbairt a dhéanamh. Is gá plean straitéiseach a chruthú a thugann treoir agus cabhair chun na riachtanais a aithint, na heaspaí a líonadh agus an físeann a chur i gcrích.

# An Comhthéacs

**Anailís Riachtanas Socheacnamaíoch agus Cultúra i nGaeltacht na nDéise**

Rinneadh Anailís Riachtanas Socheacnamaíoch agus Cultúra i nGaeltacht na nDéise i 2006 agus d'fhoilsíadh na torthaí agus an anailís i Meán Fómhair 2007. Bhí an Taighde bunaithe ar 477 teaghlach, 68.1% ón Rinn agus 31.9% ón Sean Phobal. Líon 96% de na teaghlaigh na ceistneoirí, dá bhrí sin is pictiúr cruinn de stadas na Gaelainne sa cheantar a tháining ann. Dár leis an anailís, ba mhian le formhór an phobal (97.7%) go gcoimeádfadh an cheantar a stadas Gaeltachta agus gur mian le 80% den bpobal úsáid a gcuid Gaelainne a fheabhsú. Tháinig moltaí ó anailís an suirbhé seo maidir le conas dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt teanga.

**Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht**

Foilsíodh an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht i Mí na Samhna 2007. Réitigh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é, i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA), Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Cuireadh an tuarascáil le chéile don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus is é an phríomhaidhm a bhí leis an tuarascáil ná anailís a dhéanamh agus faisnéis a chur ar fáil a thugadh léargas chomh cruinn agus is féidir ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht sa lá atá inniu ann. Is é seo an píosa taighde is cuimsithí a rinneadh ar an nGaeltacht ó bunaíodh an stát. Mhol an Staidéar go mbeadh na Gaeltachtaí curtha isteach i dtrí catagóir éagsúla, ag braith ar lion na gcainteoirí Gaelainne sa cheantar, de réir staitisticí an Daonáireamh 2002. Cé gur thit na trí thoghroinn Gaeltacht na nDéise isteach i gcatagóir C, moladh go ndéileálfar leis an limistéar seo mar aonad amháin, agus é a rangú mar Chatagóir B de bharr an limistéar Gaeltachta anseo a bheith chomh beag sin.

**Plean Teanga Ghaeltacht na nDeise - Straitéis 2008-2010**

Chuir Comhlacht Forbartha na nDeise Plean Teanga le chéile i 2007 a bhí bunaithe go mór mhór ar na moltaí a bhí déanta san Anilís Riachtanais Socheacnamaíochta agus Cultúrtha i nGaeltacht na nDéise i 2006.

Thosaíodh ag leagadh síos na bun-chlocanna chun an plean seo a chur i gcríoch nuair gur fhostaíosadh Bainisteoir Teanga faoin Sceim Pleanála Teanga ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta in Eanáir 2008. Foilsíodh an Straitéis do Phlean Teanga Ghaeltacht na nDeise 2008-2010 i Mí Lúnasa 2008. Bhí an Bainisteoir Teanga fostaithe go Nollag 2009 chun tacú leis an bpobal an Straitéis a chur i gcríoch.

**Straiteis 20 Bliain don Ghaeilge**

D'fhoilsígh an Rialtas an triú Tuarascáil den Dréacht Straiteis 20 Bliain don Ghaeilge i Mí Iúil 2010. Tá an Straitéis ar cheann de na céimeanna ar leith i bpleanáil teanga ó a bhunaíodh an Stáit. Roinnt de na molltaí is tábhachtaí atá luaite ann ná:

- Géarchéim inmharthanachta na Gaeltachta a aithint sa Straitéis (Roinn 3.1).
- Spriocanna ar leith do mhéadú ar líon na gcainteoirí dúchais sa Ghaeltacht a aithint agus a chur i bhfeidhm sa Straitéis (Roinn 3.2).
- Bunú gréasáin shóisialta trí mheán na Gaeilge don aos óg a spreagadh i gceantair Ghaeltachta (Roinn 6.7).
- Dearbhú a chur sa Straitéis go mbeidh Ionad Tacaíochta Teaghlaigh lonnaithe i ngach mórphobal Gaeltachta (Roinn 6.3).

Molann an straitéis gur "ceart a thuiscint go dtugann Gaeltacht láidir cosaint don Ghaeilge ar fud na tíre trí fhoinse teanga agus timpeallacht nádurtha chumarsáide a sholáthar. Ar an tslí chéanna, braitheann todhchaí na Gaeltachta ar phobal níos leithne cainteoirí Gaeilge – neartaíonn siad a chéile.
Tríd idirghníomhaíocht shóisalta agus gréasáin chumarsáide a bhuanú idir eatarthu freastalóidh siad ar a chéile agus cruthófar ré nua in athbheochan na teanga. Is mar seo a chinnteofar go mbeidh cainteoirí inniúla Gaeilge ar fud na tíre a dhéanfaidh an teanga a sheoladh ó ghlúin go glúin."

**Comhairliú Pobail**

Rinneadh áisínteacht ar roinnt chruinnithe poiblí i nGaeltacht na nDéise i Mí Meitheamh 2010 chun tuairimí a bhailiú ón bpobal maidir leis na riachtanais is tábhachtaí, dár leo ó thaobh forbairt teanga, chultúrtha agus phobail sa cheantar. Tuigeadh go raibh sé riachtanach go mbeadh an bpobal lárnach in aon plean a fhorbairt agus a chur chun cinn.

# "Is ar Scáth a Chéile a mhairimid"

# Ár gCuspóir

'Forbairt a dhéanamh ar shaol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha phobal na nDéise, chun an timpeallacht is fearr a chruthú chun an Ghaeltacht agus an Ghaeilge a chaomhnú agus a láidriú. Forbairt Pobal na Rinne agus an tSean Phobail a thabhairt le chéile agus a chomhordnú, trí áiseanna agus seirbhísí a sholáthar don bpobal, ag díriú isteach ar na riachtanais faoi leith (agus difriúla) atá ag an dá leath-pharóiste.'

# Aidhmeanna

## Forbairt Chultúrtha agus Teanga

**Aidhmeanna**

- Ranganna Gaeilge a eagrú ar leibheal éagsúla ar bhonn rialta.
- Ciorcal Comhrá a chur ar fáil go rialta
- Dúthaigh Geal Déise – Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Shuíomh Idirlíon Sean Nós Beo
- Ceol na nDeise - Ranganna Ceoil a chur ar fáil do phaistí
- Scéim Gnó agus Gaeilge chur ar fáil ar mhaitheas le gnóthaí na Gaeltachta agus Iarthar Phort Lairge
- Gradam Gnó na nDeise a bhronnadh gach bliain chun aitheantas a thabhairt do ghnóthaí an cheantar
- Ceardlanna Cócaireacht le Chéile agus ranganna, ceardlanna agus léachtanna eile a chur ar siúl ó am go h-am

## Forbairt Pobail

**Aidhmeanna**

- Clós Spraoi a fhorbairt i mBaile na nGall chun gur feidir le teaghlaigh agus páistí teacht le chéile
- Seirbhís Iarscoile na Rinne a chur ar fáil
- Cinntiú go mbeadh tithíocht shóisialta agus inacmhaine ar fáil, chun deis a thabhairt do dhaoine sa cheantar nach féidir leo tigh a thógaint no a cheannach, fanacht sa cheantar.
- Database scileanna a fhorbairt chun eolas a bhailiú maidir leis na scileanna éagsúla atá ag daoine go mbeadh siad sásta roinnt leis an bpobal.
- Ionad Só a chur ar fáil do dhéagóirí na Gaeltachta agus a gcuid cairde
    - Tacú le Coscursp Teo spás do dhéagóirí a fhorbairt sa Sean Phobal
- Daoine a fháil ar scéimeanna fostaiochta chun tacú le forbairt tograí sa cheantar ar mhaitheas leis an bpobal

## Forbairt Shóisialta

**Aidhmeanna**

- Cúrsaí Seoltóireacht a chur ar fáil tríd Club Mara na nDeise
- Le Chéile – Grupa do mhná na Gaeltachta a chur ar siúl go rialta
- Tacú le Clubanna don Óige sa cheantar

- Tacú le Campaí Samhraidh a chur ar siúl
- Ócáid shóisialta mór a eagrú ina mbeadh na coistí ar fad sa cheantar páirteach
- Tacú le ócáidí shoisialta agus féilte a eagrú sa cheantar
- Nacanna tras-pharóiste a fhorbairt agus a laidriú
- Obair i dtreo Campa Samhraidh a eagrú a bheadh dírithe ar pháistí óga idir 0 agus 4 bliana d'aois agus a dtuismitheoirí

# Forbairt Fiontraíochta

**Aidhmeanna**

- Turasóireacht a spreagadh sa cheantar bunaithe ar:
    - Achmhainí nadúrtha an cheantar - Siúlóidí a fhorbairt
    - Teanga agus Chultúir an cheantar - Ionad Chultúrtha a fhorbairt
    - Cúrsaí Mara, bunaithe ar moltaí Westbic
    - Ócaidí Féile Bia Phort Láirge a eagrú sa Ghaeltacht
    - Pacáistí  deireadh seachtaine a fhorbairt agus a chur ar fáil
    - Daoine a bheith fostaithe ar sceimeanna fostaíochta chun tacú le forbairt turasóireacht an cheantar, siúlóidí a rith, srl

- Aitheantas nú própfíl Ghaeltacht na nDéise agus CFD a ardú
    - Próífíl an cheantar a ardú tríd comharthaíocht sofheicthe agus éifeachtach a fháil ar an N25
    - Prófíl CFND a ardú ardú sa cheantar ionann is go dtuigfeadh daoine cad go díreach atá ar siúl againn
    - Lógo a bheith go feiceáileach laismuigh dhen dá ionad oibre atá ag an mBainisteoir Forbartha.
    - Database ainmneacha agus sonraithe teangmhála a fhorbairt chun gur féidir eolas a scaipeadh go forleathan.
    - Logo Chomhlucht Forbartha na nDéise ar nótai na Gaeltachta chun go dtuigeadh daoine gur iad siúd a chuireann na nótaí ar fáil.
    - Fógraí a chur in airde ag na croisbhóthar ar fad sa cheantar maidir leis na himeachtaí éagsúla atá ar siúl.
    - Loga Chomhlucht Forbartha na nDéise ceangailte le gach imeacht a eagraíonn siad nó go dtacaíonn siad le, ar nós an chúrsaí seoltóireacht, Seirbhís Iarscoile na Rinne, Ciorcal Comhrá, srl
    - Logo Chomhlucht Forbartha na nDeise a bheith ar gach seol ag na báid seoltóireacht gur leis an gcomhlacht iad.

- Féilire na nDéise 2012 a fhoilsiú agus a dhíol
    - Féilire Imeachtaí a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil in aon áit amháin faoi na himeachtaí ar fad atá ar siúl sa cheantar

- Ceardlanna scileanna ghnó a chur ar siúl ó am go chéile
- Tacaíocht a chur ar fail do thogra Colaiste Samhraidh an tSean Phobail.
- Forbairt a dhéanamh ar an Suímh idirlín CFND chun go beadh sé níos tarraingteach do chuairteoirí, agus muintir na háite

- Ionadaíocht a dhéanamh maidir le cúrsaí Leathan Bhanda sa cheantar a fheabhrú ar mhaitheas le gnóthaí agus pobal an cheantar

**CLÁR NA N-AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA**

| AIDHMEANNA | |
|---|---|
| **1.** | Ranganna Gaeilge a eagrú ar leibheal éagsúla ar bhonn rialta. |
| **2.** | Ciorcal Comhrá a chur ar fáil go rialta |
| **3.** | Dúthaigh Geal Déise – Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Shuíomh Idirlíon Sean Nós Beo |
| **4.** | Ceol na nDeise - Ranganna Ceoil a chur ar fáil do phaistí |
| **5.** | Scéim Gnó agus Gaeilge a chur ar fáil ar mhaitheas le gnóthaí na Gaeltachta agus Iarthar Phort Lairge |
| **6.** | Gradam Gnó na nDeise a bhronnadh gach bliain chun aitheantas a thabhairt do ghnóthaí an cheantar |
| **7.** | Ceardlanna Cócaireacht le Chéile agus ranganna, ceardlanna agus léachtanna eile a chur ar siúl ó am go h-am |
| **8.** | Clós Spraoi a fhorbairt i mBaile na nGall chun gur feidir le teaghlaigh agus páistí teacht le chéile |
| **9.** | Tacú le forbairt Pháirc/eanna Uile Aimsire sa Sean Phobal |
| **10.** | Seirbhís Iarscoile na Rinne a chur ar fáil |
| **11.** | Cinntiú go mbeadh tithíocht shóisialta agus inacmhaine ar fáil, chun deis a thabhairt do dhaoine sa cheantar nach féidir leo tigh a thógaint nó a cheannach, fanacht sa cheantar. |
| **12.** | Database scileanna a fhorbairt chun eolas a bhailiú maidir leis na scileanna éagsúla atá ag daoine go mbeadh siad sásta roinnt leis an bpobal. |
| **13.** | Ionad Só a chur ar fáil do dhéagóirí na Gaeltachta agus a gcuid cairde |
| **14.** | Tacú le Coscursp Teo spás do dhéagóirí a fhorbairt sa Sean Phobal |
| **15.** | Daoine a fháil ar scéimeanna fostaiochta chun tacú le forbairt tograí sa cheantar ar mhaitheas leis an bpobal |
| **16.** | Cúrsaí Seoltóireacht a chur ar fáil tríd Club Mara na nDeise |
| **17.** | Le Cheile – Grupa do mhná na Gaeltachta a chur ar siúl go rialta |
| **18.** | Tacú le Clubanna don Óige sa cheantar |

**CLÁR NA N-AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA (AR LEAN)**

| AIDHMEANNA | |
|---|---|
| **19.** | Tacú le Campaí Samhraidh a chur ar siúl |
| **20.** | Ócáid shóisialta mór a eagrú ina mbeadh na coistí ar fad sa cheantar páirteach |
| **21.** | Tacú le ócáidí shoisialta agus féilte a eagrú sa cheantar |
| **22.** | Nacanna tras-pharóiste a fhorbairt agus a laidriú |
| **23.** | Turasóireacht a spreagadh sa cheantar |
| **24.** | Aitheantas nú prófíl Ghaeltacht na nDéise agus Comhlucht Forbartha na nDéise Teoranta a ardú |
| **25.** | Féilire Ghaeltacht na nDéise 2012 a fhoilsiú agus a dhíol |
| **26.** | Ceardlanna scileanna ghnó a chur ar siúl ó am go chéile |
| **27.** | Tacaíocht a chur ar fail do thogra Colaiste Samhraidh an tSean Phobail. |
| **28.** | Forbairt a dhéanamh ar an Suímh idirlín CFND chun go beadh sé níos tarraingteach do chuairteoirí, agus muintir na háite |
| **29.** | Ionadaíocht a dhéanamh maidir le cúrsaí Leathan Bhanda sa cheantar a fheabhrú ar mhaitheas le gnóthaí agus pobal an cheantar |

# Forbairt Chultúrtha agus Teanga

| **Plean Trí Bliana a aontú agus a fhoilsiú do 2011-2013** |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Lorgófar tuairimí an phobal tríd cruinnithe poiblí a eagrú srl |
| Cuirfear dréacht phlean le chéile |
| Aontófar an Plean |
| Lorgófar maoiniú chun an plean a fhoilsiú |
| Foilseofar an Plean Teanga agus Forbartha |
| Seolfar an Plean ag cruinnithe poiblí sa Rinn agus sa Sean Phobal |

| **Ranganna Gaelainne a chur ar fáil ar gach leibhéal agus ar bhonn leanúnach** |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar fiosrúchán i measc Múinteoiri agus Foghlaimeoirí sa cheantar maidir leis na léibhéal agus saghas ranga gur mían leo freastal ar nó a mhúineadh |
| Cuirfear ranganna Teastas Eorpach Gaeilge ar leibhéal éagsúla ar fáil sa cheantar |
| Cuirfear tacaíocht ar fáil chun an Dioplóma sa Ghaeilge a chur ar siúl sa cheantar |
| Cuirfear ranganna agus ceardlanna ar ábhair éagsúla ar fáil trí Ghaeilge |
| Deanfar fógraíocht maidir leis na ranganna agus ceardlanna atá ar fáil trí na nuachtáin, an raidió, fógraí sna siopaí, an blag, an suíomh idirlín, srl |
| Cuirfear Ciorcal Comhrá ar siúl gach seachtain agus déanfar tuilleadh forbairt ar. |
| Cuirfear féilire ranganna ar fáil le TEG AI, A2/B1, Dioplóma sa Ghaeilge, agus ranganna agus ceardlanna eile |
| Cuirfear ceardlanna ar fáil do thuismitheoirí gur mian leo Gaeilge a labhairt lena bpáistí |
| Déanfar tuilleadh forbairt ar an réimse ranganna agus ceardlanna tá ar fáil trí mheán na Gaelainne sa cheantar. |

# Forbairt Chultúrtha agus Teanga

| |
|---|
| **Dúthaigh Geal Déise, tionscadal amhránaíocht na nDéise a leathnú amach** |

**Conas**

| |
|---|
| Coiste a chur le chéile chun an scéim a stiúriú agus maoiniú a lorg |
| Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an suímh www.seannosbeao.ie chun amhránaíocht ar an Sean Nós ó na Déise a chaomhnú agus a roinnt leis an bpobail |
| Ócáidí shóisialta agus chultúrtha a chur ar siúl chun amhránaíocht agus amhránaithe an cheantar a chur in aithne don bpobail |

| |
|---|
| **Deiseanna a thabhairt do thuismitheoiri agus páisti gníomhú lena chéile trí Ghaelainn** |

**Conas**

| |
|---|
| Eagrófar Ceardlanna Cócaireachta trí Ghaelainn faoi dhó sa bhliain do thuismitheoirí agus páistí |
| Déanfar fiosrúchán i measc an phobail maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí eile a bheadh spéis acu iontu |
| Eagrófar Ceardlanna Adhmadóireachta trí Ghaelainn do thuismitheoirí agus páistí |
| Eagrófar a thuilleadh ceardlanna difriúla a bheadh oiriúnach do thuismitheoirí agus daoine óga a bheith ag gníomhú le chéile trí Ghaelainn, ag braith ar éileamh |
| Cuirfear tacaíocht ar fáil don dá Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanbh sa Rinn agus sa Sean Phobal |

| |
|---|
| **Deiseanna a chur ar fáil d'ógánaigh a bheith páirteach sna h-ealaíona** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar teagmháil le filí, scríbhneoirí, scéalaithe, amhránaithe, ealaíontóirí, agus ceardaithe an cheantair maidir le deiseanna a chur ar fáil d'ógánaigh na háite a bheith páirteach sna h-ealaíona |
| Tabharfar tacaíocht chun imeachtaí agus féiltí a eagrú |
| Tabharfar tacaíocht do ranganna Ceol, amhránaíocht agus rince á rith trí Ceol na nDéise agus Húlaí na nDéise |
| Cuirfear tacaíocht chun club drámaíochta d'ógánaigh a chur ar bun |
| Cuirfear tacaíocht i dtreo campa samhraidh/ceardlanna samhraidh ina na healaíona traidisiúnta a chur ar siúl |

# Forbairt Chultúrtha agus Teanga

| |
|---|
| **Scéim Thacaíochta Teaghlaigh ar fáil do theaghlaigh gur mian leo a bpáistí a thógaint trí mheán na Gaeilge** |

**Conas**

| |
|---|
| Deanfar fiosrúcháin le Údarás na Gaeltachta, Fás, srl maidir le conas daoine a fháil ar Scéim Fostaíochta a bheadh ábalta an scéim a chur ar fáil agus a fhorbairt, faoi stiúir an Bhainisteoir Forbartha |
| Déanfar iarratas i dtreo duine a fhostú ar scéim fostaíochta chun an scéim a eagrú, a rith agus a fhorbairt |
| Déanfar fiosrúchain maidir le foinnsí maoiniú eile a bheadh ar fail chun daoine a fhiostú chun an scéim a rith |
| Déanfar cinneadh maidir leis an structúr is oiriúnaí don tseirbhís seo, ag tagairt don maoiniú atá ar fail agus do na h-áiseanna atá ar fáil sa cheantar cheana féin ar nós na Naíonraí, grúpaí Tuismitheoirí agus Leanbh agus an Seirbhís Irscoile |
| Déanfar iarratais i dtaobh maoinithe maidir leis an scéim seo |
| Cuirfear an scéim tacaíochta teaghlaigh ar bun ina mbeadh tacaiocht clainne curtha ar fáil ina mbeadh tabhacht na Gaeilge mínithe, agus treoir agus tacaíocht curtha ar fáil chun an Ghaeilge a bheith mar chuid larnach de shaol an teighligh. |

| |
|---|
| **Tacú le campaí samhraidh a chur ar siúl sa cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar teagmháil leis na daoine /eagrais atá i mbun campaí samhraidh sa cheantar ag tairiscint cabhair fógraíochta dóibh, tacaíocht chun maoiniú a lorg, srl |
| Tabharfar tacaíocht do Club Mara na nDeise chun Campaí Seoltóireachta a rith |
| Tabharfar deis d'ógánaigh an cheantair freastal ar Scléip na Nollag (Óige na Gaeltachta) gach bliain, mar chuid de imeachtaí na hIonaid Só |
| Tabharfar deis d'ógánaigh an cheantair freastal ar Thionól na Mumhan (Óige na Gaeltachta) gach bliain, mar chuid de imeachtaí na hIonaid Só |
| Tabharfar tacaíocht do Óige na Gaeltachta maidir le Campa Samhraidh a chur ar siúl |
| Tabharfar tacaíocht do Húlaí na nDéise Campa nó Ceardlanna Samhraidh bunaithe ar na hEalaíona Traidisiúnta a chur ar siúl |
| Cuirfear tacaíocht ar fáil chun campaí samhraidh nua a chur ar bun trí maoiniú a lorg agus bolscaireacht a dhéanamh |

# Forbairt Chultúrtha agus Teanga

| |
|---|
| **Deiseanna a fhorbairt chun tacú leis Mná na Gaeltachta teacht le chéile go rialta** |

**Conas**

| |
|---|
| Tacú le forbairt agus fás “Le Chéile”, grúpa do mhná na Gaeltachta tríd árachas a chur ar fáil, bolscaireacht a dhéanamh, srl |
| Tacú leis an grúpa “Spraoi” agus grúpa “Tuismitheoirí agus Leanaí an tSean Phobail” tríd bolscaireacht a dhéanamh, srl |
| Lorgófar foinnsí maoiniú, srl chun tacú leis na grúpaí, nuair gur gá |

| |
|---|
| **Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an Scéim “Gnó agus Gaeilge” agus “Gradam Gnó na nDéise”** |

**Conas**

| |
|---|
| Neartófar an nasc leis an Cumann Trádála i nDún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge |
| Fógrófar eolas faoin scéim gach bliain tríd an Chumann Tradála, An Enterprise Board, Nótaí na Gaeltachta, suíomhanna idirlín, preis raiteas, srl |
| Déanfar teangmháil le Foras na Gaeilge maidir le scéimeanna, pacaistí comharthaíochta, srl |
| Tabharfar comhairle agus tacaíocht i dtreo aistriúchain, comharthaíocht a fhorbairt, biachlair trí Ghaeilge a fhorbairt, srl |
| Eagrófar Bronnadh Oifigiúl  do na Ghradaim gach bliain |
| Eagrógar Ócaid Líonrú Gnó sa Ghaeltacht gach bliain |

# Forbairt Pobail

| Clós Spraoi a fhorbairt i mBaile na nGall |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Cuirfear coiste le chéile |
| Lorgófar maoiniú maidir le staidéar féidireachta a dhéanamh |
| Déanfar staidéar féidireachta |
| Iarrfar agus glacfar le tuairimí ón bpobal maidir le conas dul chun cinn a dhéanamh |
| Iarrfar agus glacfar le comhairle ó Ailtire / Innealltóir mar is cuí |
| Déanfar cinneadh maidir leis an structúr agus áiseanna is oiriúnaí don Clós Spraoi |
| Déanfar iarratais i dtaobh maoinithe maidir leis an Clós Spraoi a fhorbairt |

| Páirc Uile Aimsirthe a fhoirbairt sa Sean Phobal |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Cuirfear coiste le chéile le ionadaithe ó eagraíochtaí spóirt éagsúil agus ón bpobal go ginearealta |
| Lorgófar maoiniú maidir le staidéar féidireachta a dhéanamh |
| Déanfar staidéar féidireachta |
| Iarrfar agus glacfar le tuairimí ón bpobal maidir le conas dul chun cinn a dhéanamh |
| Iarrfar agus glacfar le comhairle ó Ailtire / Innealltóir agus an Comhairle Contae mar is cuí |
| Déanfar cinneadh maidir leis an structúr agus áiseanna is oiriúnaí don bPáirc Uile Aimsirthe |
| Déanfar iarratais i dtaobh maoinithe maidir leis an Páirc Uile Aimsirthe a fhorbairt |

# Forbairt Pobail

| |
|---|
| **Ionaid Só trí Ghaelainn do dhéagóirí a fhorbairt agus a leathnú amach sa Rinn agus sa Sean Phobal** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar suirbhé i measc óige na háite maidir leis na háiseanna atá ar fail san Ionad Só sa Rinn ag fiosrú conas is fearr an áis sin a fhorbairt agus áiseanna eile sa Sean Phobal a bhunú |
| Déanfar cinneadh ar striuctúr na hIonad Só bunaithe ar an suirbhé |
| Déanfar teangmháil le Óige na Gaeltachta ag lorg tacaíocht chun Stiúrthóirí a fhostú chun na háiseanna a oscailt go rialta agus imeachta trí Ghaelainn a chur ar fáil |
| Cuirfear féilire imeachtaí le chéile agus déanfar bolscaireacht air, le tacaíocht ó óige na háite |
| Leanfar leis na himeachtaí mar atá leagfar síos agus tosnófar ag breathnú ar forbairt agus fás do 2012, bunaithe ar thuairimí déagóirí nan cheantar. |
| Cuirfear tacaíocht agus comhairle ar fáil do Coscursp Teo spás do dhéagóirí a fhorbairt sa Sean Phobal |

| |
|---|
| **Seirbhís Iarscoile a chur ar fáil sa Rinn ar mhaitheas le páistí bunscoile an cheantar agus a dteaghlaigh** |

**Conas**

| |
|---|
| Glacfar páirt gníomhach a thógail sa choiste stiúrthe don tSeirbhís |
| Déanfar áisínteacht ar páigh don tseirbhís |
| Déanfar bainistíocht ar na stiúrthóirí |
| Déanfar teangmháil le Coiste Cúram Leanaí Co Phort Lairge, POBAL, srl maidir leis an tSeirbhís |
| Cuirfear comhairle ar fail maidir le clár agus plean imeachtaí a chur le chéile don tSeirbhís |

# Forbairt Pobail

**Cinntiú go mbeadh tithíocht shóisialta agus inacmhaine ar fáil chun deis a thabhairt do dhaoine ón gceantar fanach sa cheantar nó filleadh ar an áit**

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar teagmháil le seirbhísí tithíochta, Comhairle Contae Phort Láirge, Údarás na Gaeltachta, srl maidir leis an aidhm seo a bhaint amach |
| Baileofar eolas maidir leis na daoine ón Ghaeltachta atá ar liosta tithíochta an Chomhairle Contae |
| Oibreofar chun cumann tithíochta a bhunú nó chun comhoibriú le cumann tithíochta atá bunaithe cheanna go mbeadh spéis acu tithíochta Gaeltachta a fhorbairt |
| Déanfar suíomh nó suíomhanna cuí a aithint |
| Déanfar pleananna a tharraingt suas |
| Eagrófar cruinniú poibli chun na pleananna a phlé |
| Cuirfear isteach iarratas pleanála |
| Déanfar cinneadh, i gcóir leis an Comhairle Contae agus Údarás na Gaeltachta  maidir le conas is fearr ranntlach a dhéanamh |

# Forbairt Shóisialta

| |
|---|
| **Cúrsaí Seoltóireachta a chur ar siúl tríd Club Mara na nDéise** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar plé ar polasaithe agus gníomaíocht an Chlub Mara chun é a fhorbairt mar Chlub neamhspleach |
| Déanfar cinneadh maidir leis na moltaí gur choir forbairt a dhéanamh orthu |
| Déanfar fiosrúchán maidir le árachas níos fearr a lorg don Chlub |
| Déanfar iarratas faoi Sceim na gCampaí Samhraidh chun cúrsaí samhraiadh do pháistí bunscoile a chur ar fáil |
| Cuirfear cúrsaí ar siúl dírithe ar dheagóirí |
| Cuirfear tús le cúrsaí a chur ar fail do dhaoine fásta |

| |
|---|
| **Tacú le Féilte agus Ócaidí Shóisialta a chur ar fáil sa cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Cuirfear tacaíocht ar fáil do Choiste Forbartha an tSean Phobail, Comhairle Pobail na Rinne, CLG, Meánscoil San Nioclás, Cairde na Gaeltachta agus eagraíochtaí eile sa cheantar chun féiltí agus ócáidí shóisialta a reachtáil ar bhonn rialta, ar mhaitheas le forbairt shóisialta agus teanga sa cheantar |
| Cuirfear tacaiocht ar fáil i dtreo Comortas Peile na Gaeltachta a chur ar siúl sa cheantar i 2013. |
| Deanfar taighde maidir le foinnsí maoiniú agus lorgófar agus líonfar foirmeacha, nuair is gá |
| Déanfar bolscaireacht ar imeachtaí agus tabharfar tacaíocht le riarachán, nuair is gá |

| |
|---|
| **Tacú le clubanna na n-óg sa cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar teagmháil leis na hóg-chlubanna ar fad sa cheantar ag ofráil tacaíochta, agus ag fiosrú conas is fearr a chabhrófaí leo |
| Cuirfear tacaíocht ar fáil chun maoiniú a lorg agus polasaithe agus deá-chleachtas a fhorbairt, srl |
| Déanfar bolscaireacht maidir leis na himeachtaí atá ar siúl |
| Tabharfar tacaíocht maidir le forbairt teanga i gclubanna na n-óg sa cheantar |

# Forbairt Fiontraíochta

| |
|---|
| **Forbairt a dhéanamh ar thurasóireacht bunaithe ar achmhainí nadúrtha, agus teanga agus chultúir an cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar teangmháil le Údarás na Gaeltachta, FÁS, MFG agus eile maidir le scéimeanna fostaíochta ar nós TÚS, Scéim Sóisialta Tuaithe agus an Scéim Fostaíochta Pobail chun daoine a fháil chun dul i mbun oibre sa reimse turasóireacht, faoi stiúir an Bhainisteoir Forbartha |
| Déanfar fiosrúchán maidir leis na foinsí maoiniú a bheadh ar fáil chun an scéim seo a rith gan daoine ar scéimeanna fostaíochta |
| Cuirfear Iarratais maoiniú isteach mura bhfuil feidireachtaí faoi na sceimeanna fostaíochta |

| |
|---|
| **Ócaidí Féile Bia Phort Láirge a eagrú sa Ghaeltacht** |

**Conas**

| |
|---|
| Clarófar mar bhall de Féile Bia Phort Lairge |
| Glacfar páirt gníomhach i gcoistí/bord Féile Bia Phort Láirge |
| Déanfar obair i dtreo Bus Bia a eagrú chuig an Ghaeltacht mar chuid den bhFéile ó 2011 ar aghaidh |
| Deanfar obair i dtreo ceardlanna cócaireachta agus/nó imeachtaí do phaistí a eagrú sa Ghaeltacht mar chuid den bhFéile ó 2012 ar aghaidh |

| |
|---|
| **Forbairt a dhéanamh ar chúrsaí Mara bunaithe ar mholtaí Staidéir Féidireachta Mara, Westic** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar plé ar mholtaí an staidéar féidireachta. |
| Déanfar cinneadh maidir leis na moltaí gur choir forbairt a dhéanamh orthu I 2011 |
| Déanfar taidhde maidir le foinsí maoiniú |
| Lorgófar maoiniú |
| Déanfar teangmháil leis an Comhairle Contae agus eagraíochtaí cuí eile maidir le obair ata molta a thiteann faoin a gcúram |
| Cuirfear tús leis an obair atá le bheith déanta |

# Forbairt Fiontraíochta

| |
|---|
| **Obair i dtreo Ionad Chultúrtha a aithint agus a fhorbairt sa cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Cuirfear iarratas isteach go MFG maidir leis staidéar féidireachta a dhéanamh maidir le Ionad Chultúrtha a fhorbairt sa cheantar |
| Lorgófar duine chun an Staidéar Feidireachta a dhéanamh |
| Cuirfear tús leis an Staidéir Feideachta |
| Déanfar an Staidéar Féidireachta a chríochnú |
| Déanfar cinneadh maidir leis na moltaí ón Staidéar |
| Lorgófar maoiniú chun na moltaí a chur chun cinn |

| |
|---|
| **Prófíl an cheantar agus an chomhlachta a ardú** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar teangmháil leis an gComhairle Contae maidir le comharthaíocht níos sofheicthe agus níos éifeachaí a chur ar an N25 chun daoine a mhealladh isteach sa cheantar |
| Glacfar pairt gníomhach i Cumann Tráchtala Dhún Garbhan agus Iarthar Phort Láirge tríd freastal ar ócaidí líonrú gnó, bolscaireacht a dheanamh tríd an gCumann Trachtála, srl |
| Glacfar pairt gníomhach i Féile Bia Phort Lairge agus deanfar forbairt ar imeachtaí Gaeilge agus imeachtaí sa Ghaeltacht mar chuid den bhFéile san |
| Glacfar pairt gníomhach sa “Dungarvan and West Waterford Interagency Forum Children, Youth and Family Services” thar ceann seirbhísí óige agus teaghlaigh I nGaeltacht na nDéise |
| Déanfar ionadaíocht ar choistí eile cuí ó am go chéile chun tacú le proifíl agus cearta an cheantar a chur chun cinn |
| Déanfar bolscaireacht rialta tríd réimse leathan de na meán cumarsáid maidir le cad atá ar siúl sa cheantar agus ag an gcomhlacht. |
| Cuirfear logo Chomhlucht Forbartha na nDéise Teoranta ar nótai na Gaeltachta chun go dtuigeadh daoine gur Comhlucht Forbartha na nDeise a chuireann na nótaí ar fáil. |
| Cuirfear logo Chomhlucht Forbartha na nDéise Teoranta ar gach seol ag na báid seoltóireacht gur leis an gcomhlacht iad. |
| Cuirfear lógo Chomhlucht Forbartha na nDeise go feiceáileach laismuigh dhen dá ionad oibre atá ag an mBainisteoir Forbartha |
| Deanfar loga Chomhlucht Forbartha na nDéise Teoranta a cheangailt le gach imeacht nó seirbhís a eagraíonn muid nó go dtacaíonn muid leo |
| Cuirfear fógraí in airde ag na croisbhóthar ar fad sa cheantar maidir leis na himeachtaí éagsúla atá ar siúl. |

# Forbairt Fiontraíochta

| |
|---|
| **Prófíl an cheantar agus an chomhlachta a ardú tríd Féilire 2012 a chur le chéile agus a dhíol** |

**Conas**

| |
|---|
| Cuirfear coiste le chéile chun an tionscnamh a chomhordnú. |
| Déanfar plé agus aontófar striuchtiúr don bhFéilire |
| Déanfar teangmhail le grianghrafadóirí, na scoileanna, eagrais spoirt, srl maidir le áiseanna agus ábhair a lorg don bhFeilire |
| Cuirfear dréacht le chéile agus aontófar é |
| Logófar praghas ó Clódóirí sa cheantar |
| Aontófar praghas do na féilirí |
| Déanfar teangmháil le siopaí, srl sa Ghaeltacht agus taobh amuigh de maidir leis an bhFéilire a dhíol |
| Déanfar bolscaireacht faoin bhféilire tríd na nuachtáin áitiúil, WLRfm, Cumann Tráchtála, na meán Gaeilge náisiúnta, idirlín agus Facebook. |
| Cuirfear an Féilire ar díol |

| |
|---|
| **Siúlóidí a fhorbairt i nGaeltacht na nDeise ar mhaitheas le cur chun cinn an turasóireacht, ag úsaid na hachmhainí nádúrtha atá ar fáil sa cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Lorgófar duine chun Staidéar Féidireachta a dhéanamh |
| Déanfar agus aontófar an Staidéar Feidireachta |
| Cuirfear an Staidéar ar aghaidh chuig MFG |
| Déanfar cinneadh maidir leis na príomh céimeanna le obair orthu, bunaithe ar an staidéar |
| Déanfar iarratas i dtreo maoiniú a lorg mar is gá i dtreo foilsiúcháin, comharthaíocht, srl mar atá molta sa staidéar |
| Déanfar poiblíocht maidir leis na siúlóidí |
| Déanfar teangmháil le Fás, Údarás na Gaeltachta, MFG, Srl maidir le daoine a fháil ar scéim fostaíochta a bheadh ábalta forbairt siúlóidí agus turasóireacht an cheantar a riariú agus a chomhordú, faoi stiúir an Bhainisteoir Forbartha |

# Forbairt Fiontraíochta

| **Turasóireacht Teanga agus Chultúrtha a fhorbairt i nGaeltacht na nDéise** |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Eagrófar roinnt deireadh seachtaine / turais lae bunaithe ar theanga agus chultúir, agus ag tógail isteach eachmhainní nadúrtha an cheantar |
| Cuirfear clár imeachtaí deireadh seachtaine / lae le chéile |
| Déanfar cinneadh maidir le dátaí agus praghas bunaithe ar an gclár |
| Déanfar bolscaireacht tríd ríomhphoist, suíomheanna idirlín, Faceboog, Blag, na meáin Gaeilge,áitiúil agus náisiúnta, Gaelscoileanna, Ciorcail Comhrá, srl |
| Glacfar páirt sa choiste turasóireacht teanga agus chultúrtha mar atá eagraithe ag Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Éireann |
| Déanfar teangmhail le lucht lóistín, tithe tabhairne, cumann oidhreachta, srl mar is cuí |
| Eagrófar dhá deireadh seachtaine nó thurais lae roimh deireadh na bliana |
| Déanfar measúnú ar na deireadh seachtaine/turais, chun tacú le caighdeán aon pacáiste eile turasóireacht go gcuirfear le cheile sa todhchaí |

| **Tacú le Colaiste Samhraidh nua a bhunú sa Sean Phobal** |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Deanfar teangmháil rialta leis an té atá i mbun an tionscadal agus cuirfear tacaíocht, treallamh agus comhairle ar fáil mar is gá |
| Baileofar eolas maidir leis na riachtanais oideachais, forbairt scileanna breise atá ann i measc na mná/fir a'tí nua agus na heagraitheoirí agus plean a chur le cheile leo |
| Eagrófar ranganna Gaeilge, ceardlanna Cócaireachta, srl mar is cuí chun tacú leis na mná/fir a'tí nua |
| Déanfar teangmháil le Roinn na Gaeltachta, srl mar is cuí |

| **Ceardlanna scileanna ghnó a chur ar siúl** |
|---|

**Conas**

| |
|---|
| Baileofar eolas maidir leis na riachtanais oideachais agus forbairt scileanna breise atá ann i measc lucht gnó an cheantar |
| Cuirfear ceardlanna scileanna ghnó ar siúl ó am go chéile bunaithe ar an eolas sin |
| Déanfar teangmháil le Údaras na Gaeltachta, MFG, srl maidir le maoiniú agus / nó tacaíocht a fhail chun na ceardlanna ghnó a rith |

# Forbairt Fiontraíochta

| |
|---|
| **Forbairt a dhéanamh ar suímh idirlín CFD chun go beadh sé níos tarraingteach do chuairteoirí, agus muintir na háite** |

**Conas**

| |
|---|
| Deanfar teangmháil le dearthóirí idirlín maidir leis an suiomh www.deise.ie a thabhairt suas chun dáta |
| Déanfar teangmháil le Údaras na Gaeltachta, MFG, srl maidir le maoiniú agus / nó tacaíocht a fháil chun an obair a dheanamh |
| Déanfar forbairt ar an suíomh www.deiseabu.wordpress.com mar suíomh dátheangach don Chomhlucht |

| |
|---|
| **Leathan Bhanda sa cheantar a fheabhrú ar mhaitheas le gnóthaí agus pobal an cheantar** |

**Conas**

| |
|---|
| Déanfar ionadaíocht le polaiteoirí, seirbhísí leathan bhanda, srl maidir le cúrsaí Leathan Bhanda sa cheantar |
| Déanfar cinnte go mbeadh eolas ar fáil go forleathan maidir le deacrachtaí Leathan Bhanda sa cheantar trúí preas ráiteas chuig na mean áitiúil agus náisiúnta |

# Comhlucht Forbartha na nDéise Teoranta

Bord 2010 / 2011:
Tadhg Ó Maoileoin, Máire Seo Breathnach, Clíona Mhic Ghiolla Chuda, Ciarán Ó Gealbháin, Úna de Paor, Máirtín Ó Cathbhuadhaigh, Aodh Mac Craith

Bainisteoir Forbartha:
Cabríní de Barra

Sonraithe Teagmhala:
Ríomhphoist: cabrini01@gmail.com
Guthán: 058-46664 / 087-6532044
Idirlín: www.deiseabu.wordpress.com / www.deise.ie
Facebook: Gaeltacht Bheo na nDéise